www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionad | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2012

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

Páipéar 1
Ardsraith

**[G8204]**

G8204

**DÉ CÉADAOIN 30 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 110 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **3(b)(ii)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir do chuid ríomhaireachtaí a thaispeáint.
Ní mór aonaid a lua i bhfreagraí uimhriúla nuair is cuí.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Chuir mac léinn an turgnamh seo a leanas i dtreoir lena thaispeáint go bhfuil dé-ocsaíd charbóin de dhíth le haghaidh fótaisintéise.

D'fhág an mac léinn an planda i gcófra dorcha ar feadh 48 uair an chloig sular chuir sé i dtreoir é mar a thaispeántar sa léaráid. D'fhág sé faoi sholas na gréine ansin é ar feadh 24 uair an chloig eile sula ndearnadh sé tástáil stáirse ar dhuilleog ó gach fleascán.

Diagram removed for copyright reasons

**(i)** Cad chuige ar chuir an mac léinn an planda i gcófra dorcha ar feadh 48 uair an chloig?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

I ndiaidh do dhuilleog A agus do dhuilleog B a bheith faoi sholas na gréine ar feadh 24 uair an chloig, rinne an mac léinn tástáil stáirse orthu.

**(ii)** Comhlánaigh an tábla ina bhfuil faisnéis faoin tástáil stáirse.

| Céim | An fáth leis an chéim |
|---|---|
| 1. Tum an duilleog in uisce ar fiuchadh | |
| 2. | Leis an dath glas a bhaint den duilleog |

[2]

**(iii)** Cén réamhchúram sábháilteachta ba chóir don mhac léinn a chur i bhfeidhm roimh chéim 2?

______________________________ [1]

**(iv)** Cén dath, dar leat, a bheadh ar dhuilleog A i ndeireadh na tástála stáirse?

______________________________ [1]

**(b)** Bhí téitheoir gáis in úsáid sa teach gloine ag saothróir trátaí le méadú ar an mhéid de dhé-ocsaíd charbóin a bheadh ar fáil le haghaidh fótaisintéise sa dóigh go mbeadh brabús níos mó aige.

**(i)** Ainmnigh an fachtóir eile a méadófaí air mar gheall ar an téitheoir gáis.

______________________________ [1]

**(ii)** Mínigh cad é mar a bheadh brabús níos mó ag an saothróir trátaí mar gheall ar an ráta fótaisintéise a mhéadú.

______________________________


______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Géaraíonn an einsím fosfaraláis an luas faoina dtiontaítear glúcós ina stáirse i bplanda.

Seasann an léaráid do mhóilín glúcóis agus don einsím fosfaraláis.




**(i)** Mínigh cad chuige **nach** ngéaróidh fosfaraláis luas aon imoibriú eile.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid an cruth atá ar an mhóilín glúcóis thuas agus tarraing léaráid de mhóilín stáirse sa spás seo thíos.

[2]

**(iii)** Mínigh cad chuige a moilleofaí an luas faoina dtiontaítear glúcós ina stáirse nuair atá an teocht níos airde ná 40°C.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin


Marcanna | Athmharc

**(d)** Nuair a itheann daoine stáirse, caithfidh siad é a dhíleá ina ghlúcós sa dóigh gur féidir é ionsú isteach san fhuil agus a iompar thart ar an chorp.

Taispeánann an grianghraf cuid den iléam mar a dtarlaíonn ionsú.


Taispeánann an léaráid villeas amháin ón iléam.

iléam ina bhfuil cuid mhór villeas.



*© Dr H Skrzypek*

**Villeas**




*© Bo Veisland, MI&I / Science Photo Library*

Luaigh **dhá** dhóigh a bhfuil villis oiriúnaithe le cuidiú le hionsú. Mínigh an dóigh a gcuidíonn gach oiriúnú le hionsú.

Oiriúnú 1 ______________________________________________

Míniú ______________________________________________


Oiriúnú 2 ______________________________________________

Míniú ____________________________________________ [4]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Nuair a ionsúitear glúcós agus aimínaigéid ón iléam, iompraítear go dtí an t-ae iad.
Taispeánann an léaráid cad é mar a dhéantar farasbarr de na substaintí seo a phróiseáil san ae.




Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh

fuileadán A. ______________________________ [1]

hormón B. ______________________________ [1]

táirge stórála C. ______________________________ [1]

fuíolltáirge D. ______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Luaigh cad chuige a gcaithfear fuíolltáirge D a bhaint amach as an chorp agus ainmnigh an t-orgán a dhéanann é a scagadh as an fhuil.

Fáth lena bhaint amach ________________________________

________________________________________________


Ainm an orgáin ______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Taispeánann an léaráid bia-eangach i móinteach.




**(i)** Ainmnigh an fhoinse fuinnimh don bhia-eangach seo.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid an bhia-eangach agus tarraing, sa spás seo thíos, an biashlabhra a bhfuil tomhaltóir treasach ann.

[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Tarraing, sa spás seo thíos, pirimid bhithmhaise don bhiashlabhra agat in **(ii)**. Lipéadaigh gach leibhéal den phirimid le hainm an orgánaigh.

[3]

**(iv)** Cén t-orgánach sa bhia-eangach atá á chothú féin ar dhá leibhéal thrófacha dhifriúla?

_______________________________ [1]

**(v)** Cad chuige, dar leat, a mbeadh laghdú ar phobal na mbuaf má tá laghdú ar phobal na vól?

_______________________________

_______________________________


_______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(b)** Taispeánann an léaráid cad é a tharlaíonn don fhuinneamh i bhféar i ndiaidh do choinín an féar a ithe.




**(i)** Ríomh an fuinneamh a chailltear i ngluaiseacht. Taispeáin do chuid oibre.

______________________________ kJ [2]

**(ii)** Cá mhéad fuinnimh atá ar fáil don chéad leibhéal trófach eile?

______________________________ kJ [1]


www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

**(c)** Taispeánann an graf stoc na dtrosc sa Mhuir Thuaidh idir 1963 agus 2008.




| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Ón ghraf, luaigh an tréimhse a raibh laghdú ar stoc na dtrosc lena linn.

Ó ____________________ go dtí ____________________ [1]

Is féidir gurbh í ró-iascaireacht ba chúis leis an laghdú ar stoc na dtrosc.

**(ii)** Cad é a chiallaíonn an téarma ró-iascaireacht?

________________________________________

________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Luaigh **ceithre** bheart is féidir a chur i bhfeidhm le stoc na dtrosc a choinneáil.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

3. ______________________________________________

______________________________________________

4. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(iv)** Ríomh an ráta, in aghaidh na bliana, ó 2005 go dtí 2008 faoina raibh stoc na dtrosc ag méadú. Taispeáin do chuid oibre.

______________________ in aghaidh na bliana [2]


**(v)** Úsáid an freagra ar **(iv)** agus faigh amach cá mhéad bliain (ó 2008) a ghlacfaidh sé le go sroichfidh stoc na dtrosc an leibhéal céanna a bhí ann in 1963. Glac leis go bhfanfaidh an ráta méadaithe mar an gcéanna. Taispeáin do chuid oibre.

______________________ bliain [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Taispeánann an léaráid limistéar ina bhfuil foraois nádúrtha (Limistéar X) agus an áit a bhfuil feirm suite cois abhann (Limistéar Y).




**(i)** Tá an abhainn truaillithe ag pointe A. Cén dóigh, dar leat, ar tharla sé seo?

______________________________________________ [1]

Is próiseas é eotrófú a tharlaíonn mar gheall ar thruailliú.

**(ii)** Cuir síos ar na céimeanna atá i gceist le heotrófú agus ar an dóigh a mbíonn éifeacht aige ar na horgánaigh san abhainn.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [5]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Chuir éiceolaí dáileadh na speiceas plandaí i Limistéar X agus Limistéar Y i gcomparáid lena chéile.

**(i)** Cén fearas a bhí in úsáid aici leis na plandaí a shampláil?

_______________________________ [1]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a ndearna sí an fiosrúchán seo le go bhfaigheadh sí torthaí iontaofa a d'fhágfadh go mbeadh sí ábalta dáileadh na speiceas plandaí a chur i gcomparáid lena chéile.

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

_______________________________

_______________________________

_______________________________

_______________________________

_______________________________

_______________________________

_______________________________ [4]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [2]

**(iii)** Sainaithin **dhá** fhachtóir fhisiceacha a mbeadh tionchar acu ar dháileadh na bplandaí agus ainmnigh an fearas is féidir a úsáid lena dtomhas.

Fachtóir: _______________________________

Fearas: _______________________________


Fachtóir: _______________________________

Fearas: _______________________________ [4]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an léaráid cuid den timthriall nítrigine.




Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh cineál **amháin** baictéir a mhéadaíonn ar na leibhéil níotráite san ithir agus luaigh an fhoinse nítrigine atá aige.

Cineál baictéir ____________________

Foinse nítrigine ____________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh baictéir X ____________________ [1]

**(d)** Luaigh dóigh **amháin** ar féidir le feirmeoir méadú ar an chion nítrigine san ithir gan leasacháin shaorga a úsáid.

____________________

____________________

____________________ [1]

**(e)** Ainmnigh an próiseas ina mbíonn níotráití á n-ionsú ag plandaí.

____________________ [1]

www.xtrapapers.com


LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Taispeánann an léaráid an córas atáirgthe baineann.




*© Peter Gardiner / Science Photo Library*

**(i)** Cá háit, i mbaineannach, a bhfágtar speirm le linn caidreamh collaí?

______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an próiseas a tharlaíonn nuair a chomhtháthaíonn núicléas na speirme le núicléas na huibhe agus luaigh cá háit a dtarlaíonn an próiseas seo.

Ainm an phróisis ______________________________

Áit a dtarlaíonn an próiseas ______________________________ [2]

Tarlaíonn cilldeighilt anois agus bíonn meall ceall ann dá barr. Téann an meall seo go dtí an t-útaras áit a ngreamaíonn sé den líneáil útarais.

**(iii)** Ainmnigh an próiseas seo.

______________________________ [1]

**(iv)** Ainmnigh an struchtúr a fhoirmítear agus a cheanglaíonn an leanbh le soláthar fola na máthar.

______________________________ [1]

**(v)** Ainmnigh **dhá** shubstaint a théann **ón** mháthair go dtí an leanbh anonn an struchtúr seo.

______________________ agus ______________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(vi)** Bíonn crapthaí ann le linn na breithe. Marcáil le X, ar an léaráid ar an leathanach roimhe, cá háit a dtarlaíonn na crapthaí seo. [1]

**(vii)** Cuir síos ar athrú **amháin** eile a tharlaíonn i gcorp na máthar le linn na breithe.

______________________________________________ [1]


www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**(b)** Is féidir modhanna frithghiniúna, amhail na cinn a thaispeántar sa léaráid thíos, a úsáid le toircheas a chosc.

corna
(fearas ionútarach)



scairt



coiscín



piollairí frithghiniúnacha



**(i)** Cén **dá** mhodh frithghiniúna a chuireann cosc ar an speirm agus an ubh a theacht le chéile?

________________________ agus ________________________ [2]

**(ii)** Cén modh frithghiniúna atá ina chuidiú le galair gnéas tarchurtha a chosc de bheith ag leathadh?

______________________________ [1]


**(iii)** Ainmnigh galar gnéas tarchurtha a bhfuil baictéir ina gcúis leis.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an léaráid fagaicíotóis ar ceann **amháin** de na dóigheanna é a scriosann fuilchealla bána na baictéir atá i ndiaidh teacht isteach sa chorp.




**(i)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin agus cuir síos ar an dóigh a scriosann fuilchealla bána an baictéar nuair is í fagaicíotóis atá i gceist.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh **eile** a scriosann fuilchealla bána na baictéir.

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

5 Is gnách go mbíonn dath órga ar fhionnadh na leon san Afraic ach tá cuid bheag leon ann a bhfuil dath bán ar an fhionnadh acu.



*© iStockphoto / Thinkstock*

**(a)** Tá an ailléil (géin) don fhionnadh órga ceannasach ar an ailléil (géin) don fhionnadh bhán.

Seasadh G don ailléil (géin) don fhionnadh órga.

Seasadh g don ailléil (géin) don fhionnadh bhán.

**(i)** Luaigh na géinitíopaí a d'fhéadfadh a bheith ag leon a bhfuil fionnadh órga aige.

____________________ agus ____________________ [2]

**(ii)** Úsáid cearnóg Punnett agus taispeáin cad é mar a d'fhéadfadh coileán leoin a bhfuil fionnadh bán aige a bheith ag dhá leon a bhfuil fionnadh órga acu.

Ciorclaigh an géinitíopa don choileán leoin a bhfuil fionnadh bán aige.

[4]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Úsáid cearnóga Punnett lena thaispeáint cad é mar is féidir le tógálaí i gClár um Chaomhnú Leon aischrosáil (crosáil tástála) a dhéanamh leis an ghéinitíopa de leon a bhfuil fionnadh órga aige a sheiceáil.

[2]

**(iv)** Cad é mar a bheidh a fhios ag an tógálaí cé acu atá an leon a bhfuil fionnadh órga aige san aischrosáil (crosáil tástála) heitrisigeach nó nach bhfuil?

_______________________________________________ [1]

Fágann roghnú nádúrtha go bhfuil níos mó leon ann a bhfuil fionnadh órga acu ná mar atá de leoin a bhfuil fionnadh bán acu.

**(b) (i)** Cad chuige, dar leat, a bhfuil sé ina bhuntáiste, i dtaca le cúrsaí roghnaithe de, go mbeadh fionnadh órga seachas seachas fionnadh bán ag leoin?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil céatadán ard de leoin a bhfuil fionnadh órga acu i bpobal na leon mar gheall air seo.

_______________________________________________


_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Is féidir innealtóireacht ghéiniteach a úsáid le hormóin dhaonna amhail inslin a tháirgeadh.

Taispeánann an léaráid baictéar is féidir a úsáid sa phróiseas seo.




**(i)** Cuir síos ar an dóigh ar féidir crómasóm a bhfuil an ghéin insline dhaonna ann agus an baictéar thuas a úsáid le baictéar a ndearnadh innealtóireacht ghéiniteach air a tháirgeadh, sé sin, baictéar atá ábalta inslin dhaonna a dhéanamh.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [5]

**(ii)** Cuir síos ar an chéad dá chéim eile atá de dhíth le méideanna móra d'inslin dhaonna a tháirgeadh.


1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Taispéanann an léaráid cuid de mhóilín DNA.




**(i)** Leis an léaráid a chomhlánú, cuir isteach litreacha na mbunanna lena thaispeáint cad é mar a thiocfadh siad le chéile ina bpéirí i móilín DNA. [2]

**(ii)** Cén téarma a bhíonn in úsáid le cur síos ar an struchtúr DNA?

______________________________ [2]

**(iii)** Cén cineál móilín a gcódaíonn fad DNA dó?

______________________________ [1]

**(iv)** Cuir síos ar an **dá** chur chuige ar thángthas ar struchtúr DNA mar gheall orthu.

Luaigh ainm duine **amháin** a bhí páirteach i ngach cur chuige.

Cur chuige 1 ______________________________

______________________________

Ainm ______________________________

Cur chuige 2 ______________________________

______________________________

Ainm ______________________________ [4]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.